# AR CHUALA TÚ?

Conamara Láir

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

## Turas go Baile Átha Cliath le Clubanna Óige Chonamara Láir

Ar an 7ú Iúil, thug foireann Pleanála Teanga Chonamara Láir an dá Chlub Óige atá ag feidhmiú sa cheantar suas ar chuairt go dtí Dáil Éireann i mBaile Átha Cliath. Bhuail Mairéad Farrell, Teachta Dála Sinn Féin, linn agus chur sí fáilte chroíúil roimh na déagóirí ag geataí Teach Laighean agus tugadh chomh fada iad leis an áilear poiblí, áit a tugadh deis dóibh féachaint ar shuíonna iomlánacha Dháil Éireann. Chuir Pearse Doherty iontas deas ar na déagóirí nuair a luaigh sé agus chuir sé fáilte rompu agus é ag labhairt sa Dáil. Tar éis an turais, cuireadh sólaistí ar fail sa cheaintín agus rinne Mairéad, Éamon Ó Cuiv agus Catherine Connolly píosa cainte faoi thábhacht na Gaeilge agus d'inis siad beagán dúinn faoin saol atá acu mar pholaiteoirí.



Leanamar ar aghaidh go dtí Príosún Chill Mhaighneann áit ar tugadh turas treoraithe dúinn agus ar fhoghlaimíomar faoi stair an phríosúin. Scríobh Duckie Clarke, duine de na déagaóirí a bhí ar an turas- 'Chuaigh muid go Priosún Chill Mhaighneann agus bhí an t-eolaí ag triail Gaeilge a labhairt linn, nuair a chríochnaigh muid an turas ansin agus muid a tógáil pictiúrí le brat na hÉireann taobh amuigh bhí mé bródúil as Conamara agus an t-ádh atá orainn go bhfuil an Ghaeilge againn ó dhúchas anseo'. Dúirt déagóir eile, Ellie May Ní Dhunáird- 'Bhí lá álainn againn i mBaile Átha Cliath, i nDáil Éireann agus ansin amach go dtí Príosún Chill Mhaighneann. Is áit an-bhrónach í an áit seo. Ba í an chuairt ar an bpríosún an chuid ab fhearr den turas'.

Tríd is tríd, ba dea-eispéireas oideachasúil agus suimiúil a bhí ann don dá chlub óige. Caithfear buíochas speisialta a ghlacadh le Mairéad Farrell, T.D a thug cuireadh dúinn cuairt a thabhairt ar an Dáil, dá cuntóir Meave a chabhraigh linn, do Michael Dunworth, Lisa Clarke & Niamh Clarke a bhí linn agus i gceannas ar na Clubanna Óige, agus Eoin Ó Cualáin a thiomáin an bus.





## *Frámaí Chonamara Láir*




**Bhain mé an-sult as an turas chuig an Eastóin ón 11-15ú Iúil. Ba mhóir an onóir dhúinn é, cúigear déagóirí as Iorras Aithneach roghnaithe chun ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn. Ba údar bróid a bhí ann dúinn cinnte.**
**Chuaigh an leas-phríomhoide, Roisín Nic Leoid, in éineacht linn ón scoil. Chuaigh Helen Raftery agus Ray Fogarty ó JA Ireland linn chomh maith le Páid Ó Neachtain ó Údarás na Gaeltachta.**
**D'fhoghlaim muid go leor maidir le scileanna fiontraíochta. Ba muidne an ghrúpa ba óige a ghlac páirt sa gcomórtas. Bhí na scoláirí eile go maith sna fichidí.**
**Thaitin sé go mór liom agus mholfainn go láidir do scoláirí eile glacadh páirt i gClár na Comhlachtaí.**
**-Dara Ó Cualáin**




***Ba mhaith le foireann Chonamara Láir comghairdeas a dhéanamh agus ardmholadh a thabhairt do scoláirí Scoil Phobail Mhic Dara agus bunaitheoirí na comhlachta- Clíona Ní Dhuinn, Dara Ó Cualáin, Stephen Breathnach, Ciara Áine Ní Mhaoilchiaráin, agus Ciara Máire Ní Chualáin. Sheas siad an fhóid go láidir ar son na hÉireann ag Craobh Gaisce Óige na hEorpa san Eastóin.***

## *Cailín na Gaillimhe*

Bhí bród ar phobal Chonamara Láir nuair a bhí cailín óg ón gceantar le feiceáil ar an gclár cáiliúil 'Up for the Match' an oíche roimh Chluiche Cheannais na hÉireann.
Rinne Martha Ní Chathasaigh, as Dubhithir, Carna, ionadaíocht ar a contae féin nuair a thug sí isteach an Corn Sam Mhic Uidhir in éineacht le buachaill óg as Ciarraí. Ní amháin sin, ach chuir siad iontas ar an lucht féachana nuair a rinne siad píosa breá damhsa ar an Sean Nós ag deireadh an chláir. B'fhéidir go bhfuair Ciarraí an ceann is fearr ar Ghaillimh ar an Domhnach ach is cinnte go bhfuil muid fós ar bharr na gaoithe ag smaoineamh ar Mhartha!



# Campaí Samhraidh Chonamara Láir

Bhí ríméad ar Phleanáil Teanga Chonamara Láir, i gcomhar le Muintearas, na campaí spraíúil agus bríomhar seo a reáchtáil an mhí seo. D'fhreastal 37 gasúr ar Champa Mol An Óige ar an gCaiseal agus 27 gasúr ar champa Mol An Óige i Rosmuc. Ba campaí Gaeilge a bhí i gceist lán le himeachtaí agus cluichí iontacha. Buíochas mór le Fiona Bhreathnach agus Ciara Ní Niaidh a bhí os cionn na campaí agus le Méabh Ní Dhomhnaill agus Éabha Ní Chathasaigh a bhí mar chúntóirí.

Féach ar an spraoi a bhí ag na gasúir sna pictiúir thíos.







Chuir an club nuabhunaithe Club Mara Chonamara Láir na campaí samhraidh seo ar siúl, le tacaíocht ó Mhuintearas, ar Thrá álainn Mhuighrois. Reáchtáladh an chéad champa ón 27 Meitheamh – 1 Iúil agus an dara ceann ón 11-15 Iúil. I rith na seachtaine, fuair na daoine óga deis dul seoltóireacht, canúáil agus neart eile. Chomh maith leis sin, cuireadh béim ar shábháilteacht uisce agus ag forbairt muinín ar an uisce trí spraoi agus scileanna nua a fhoghlaim. Caithfear buíochas a ghlacadh leis na hoibrithe deonacha ar fad a bhí ann chuile lá chun an campa a reáchtáil





# Turas Oidhreachta



Ar an 6ú Iúil, d'eagraigh Oifigigh Pleanála Teanga Chonamara Theas Turas Oidhreachta don phobal. Tugadh cuairt ar Thobar & Bád Cholmcille, Teach an Phiarsaigh, Ionad Chultúrtha Leitir Mealláin agus Reilig Bharr a' Dhoire.

Cuireadh tús leis an turas i reilig Mhaírois, Baile na hAbhann, áit ar inis Jimmy Ó Finneadh faoin stair taobh thiar den tobar agus bád Cholmcille agus faoin bhféile a bhíonn ar siúl gach bliain. Ó sin, lean siad ar aghaidh i dtreo Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh. Bhí sos beag tae acu sa gcaife sular tugadh turas treoraithe dóibh ar Theach an Phiarsaigh, an teachín ina mbíodh an samhradh á chaitheamh ag Pádraig Mac Piarais, scríbhneoir, oideoir agus ceannaire Éirí Amach 1916, agus lean scéal a oidhreachta.





Síos go dtí Reilig Bharr a' Doire ar an gCeathrú Rua ansin, áit a bhuail siad le Máire Ní Chualáin a thug píosa deas staire faoin mbaile agus na daoine cáiliúla atá curtha sa reilg. Chomh maith leis sin, thug sí na cuairteoirí ar shiúlóid ghearr chuig Teampall Mhac Ádhaimh, an fothrach is sine ar an mbaile.

Chríochnaigh an turas le lón i gCaifé na Feamainne in Ionad Oidhreachta Leitir Mealláin. Mar chríoch deas ar an lá, bhí iontas ar na taistealaithe nuair a tháinig an t-aisteoir cáiliúil Patrick Duffy - nó Bobby Ewing ó Dallas, ar cuairt chuig an ionad agus é ar thóir a mhuintire sa gceantar.

Tá súil ag na hOifigigh Pleanála Teanga níos mó turais mar seo a eagrú arís i rith na bliana.

## Seán Breathnach

## Camus




Nach bhfuil sé oiriúnach go bhfuil an t-alt seo á gcuir i gcló againn d'eagrán mhí Iúil agus muid ag comóradh 31 bliain ó d'fhág athair Sheáin, Beartla Pheter Jeainín, muid ar an 3 Iúil 1991. Bhí Beartla Pheter Jeainín mar sheaimpín ar Éirinn i lár agus i ndeireadh na seachtóidí i saol na lúthchleasaíochta. Níl contae in Éirinn nach raibh sé san iomaíocht ann ná contae nár thug sé an bua leis as. Ba é Beartla freisin a chuir dlús le go mbeadh a cheantar dúchais, Camus, ag reáchtáil Craobhacha Chaitheamh Meáchain an NACA i 1975 agus i 1976.
Mar a deir an seanfhocal, 'ní ón ngaoth ná ón ngrian' a thug Seán, mac Bheartla Pheter Jeanín agus Nan as Camus, a chuid buanna.

Chuir Seán suim ar dtús i saol na lúthchleasaíochta nuair a bhí sé timpeall 6 bliana d'aois. Is minic a bhíodh sé ag éisteacht le scéalta a athair agus na comórtais a bhí bainte amach aige nó nach raibh, agus uaireannta ag mothú go déanadh feall air. Thug na scéalta seo spreagadh do Sheáin, aon rud a theip ar a athair, go mbainfeadh sé féin amach é ina onóir.
Bhí suim ag deartháir Bheartla sa lúthchleasaíocht chomh maith agus is minic a bhíodh siad ag cleachtadh i nDoire Bhanbh, agus b'fhéidir gan morán deiseanna, nuair a bhí siad óg.
Timpeall dhá bhliain déag a thosaigh Seán ag glacadh páirt i gcomórtais agus fuair sé tacaíocht i gconaí óna mhuintir, chuid múinteoirí agus an pobal. Is mar mhac léinn i nGairmscoil na bPiarsach i Ros Muc a léirigh Seán a chumas lúthchleasaíochta. Bhí plé ann ag an am go mbeadh an deis aige scoláireacht spóirt a fháil chuig na Stáit Aontaithe, áit a bheadh áiseanna cóireála agus comhairle agus oiliúna i bhfad níos fearr aige, ach b'fhearr le Seán fanacht ag baile.
Mar chuid dá lúthchleasaíocht, bíonn Seán ag caitheamh meacháin ar fhad agus ar airde, discus, agus javelin. Is onóir agus bród an méid atá bainte amach ag Seán thar na mblianta ar son a chlann, a cheantar dúchais, do Chonamara, don chontae agus go deimhin don tír. Tá 35 craobh na hÉireann chomh maith le boinn buaite aige I gcraobhanna idirnáisiúnta. Seo thíos cuid dá chuid éachtaí atá bainte amach aige.
•**2016**: ag na Craobhchomórtais Náisiúnta bhris sé curiarracht na hÉireann, a sheas ar feadh 25 bliain, agus mí ina dhiaidh sin chuir sé cúpla ceintiméadar eile leis ag Craobhacha Laighinn.
Ag Craobhacha Caite na hEorpa in Arad na Rómáine fuair Seán an dara háit i gcomórtas Chaitheamh an Discus ag na Craobhacha Náisiúnta.
I mí an Mheitheamh, bhain sé amach 3 bhonn óir agus ceann airgid ag leibhéal náisiúnta.
• **2017:** Bhí sé ina chaptaen ar fhoireann na hÉireann agus rinne sé ionadaíocht ar Éire ag na cluichí Eorpacha.
• **2018:** Sheas an fód d'Éire sa gcaitheamh meacháin i Leri ana Portaingéile agus bhain sé amach bonn óir, chomh maith le bonn óir sa discus ag na cluichi Eorpacha.
Mí Iúil na bliana sin, thug se leis dhá bhonn eile leis ag na comórtais náisiúnta.
• **2019:** Bhí 3 bhonn óir eile faoina bheilt aige ag na cluichí náisiúnta
• **2020:** Fuair sé bonn óir i gcomórtas caitheamh an mheáchain in airde agus i gcomórtas caitheamh an mheáchain sa bhfad ag na craobhacha náisiúnta i Staid Morton.
• **2022:** Tá an taifead náisiúnta a bhí i bhfeidhm le 36 bliana anuas briste aige, tar éis 56lb a chaitheamh thar an mbarra.

*Comhgairdeachas leat a Sheáin agus nár laga Dia thú.*

# Féilte Mhí Iúil



Mairéad Uí Dhomhnail, Cuan na Beirtrí Buí



Fiona Bhreathnach, Cill Chiaráin



Mary Uí Fhlatharta, Cill Chiaráin



Maureen Folan, Cuan na Beirtrí Buí



Nora Welby, Rosmuc



Máire Éinniú



Fiona Bhreathnach, Cill Chiaráin



Oileán Mhic Dara

# Coirnéal Chomhrá



**Aoi na míosa: Alan Esslemont, Ardstiúrthóir TG4**

**1.Ainm Baile (e.g. i ndiaidh do mhuintir):** Tógadh le Béarla na hAlban mé agus ní raibh ainmneacha baile orainn.Ach nuair a bhí mé ag obair i bpobal Gáidhlige san Oileán Sciathánach (Isle of Skye) bhí an nósmhaireacht chéanna i gceist ansin agus atá anseo. Ag an scoil in Albain, bhí leasainmneacha in úsáid - “Ez” a thug mo chairde orm. Ó tháinig mé anseo tugann chuile dhuine díreach ‘Alan’ orm agus tugaim faoi deara go dtugtar ‘Máire Alan’ ar mo bhean!

**2.Cén ceantar ina bhfuil cónaí ort?** Cinn Mhara, Camus.

**3.Cén tairbhe a bhaineann tú as an nGaeilge?** Mar gheall ar an nGaeilge tá mé in ann a bheith mar pháirt den phobal seo. Domsa, ba phribhléid iontach é a bheith in ann ár gcúigear gasúir a thógáil i gceantar láidir Gaeltachta le comharsana agus cairde mar atá againn i gCinn Mhara.

**4.An mbíonn tú in ann go leor do chuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge?** Bíonn. Agus Gáidhlig nuair atá mé ag plé le mo chuid iarchomhghleacaithe ag BBC ALBA.

**5.Cén áit ar fhás tú suas?** Rugadh mé i mbaile beag sna ‘eastern highlands’ in Albain, Braemar, agus ó aois 6 tógadh mé in aice le baile mór, Brechin, gar go maith do Dundee. Chuaigh mé chuig an Ollscoil i nDún Éideann agus ansin chaith mé os cionn dhá bhliain go leith sa bhFrainc agus san Eilvéis. Ina dhiaidh sin fuair mé post mar chniotálaí ag obair i monarcha cniotála san Oileán Sciathánach. Tháinig mé go Gaillimh nuair a bhí mé 26 agus de réir a chéile thosaigh mé ag foghlaim na Gaeilge.

**6.Cén cartún ina raibh suim agat ann agus thú ag fás aníos?** Chuir mé níos mó suime sna cartúin nuair a bhí na gasúir s’againne ag fás aníos anseo i gCinn Mhara.Ag an am, bhí mé ag obair le Telegael, sa Spidéal, agus bhí baint agam ansin le cartúin Ghaeilge mar ‘Bouli’, ‘An Traeinín Beag’, ‘Tír na hÓige’, ‘Gearóid na Gaisce’ agus ‘Muzzy’.

**7.Céard é an béile is fearr leat?** Iasc nuair atá muid ag ithe amuigh. Ach is beag rud nach dtaitníonn liom.

**8.Céard é an boladh is fearr leat?** Cáca baile agus bácáil eile. Déanann mo bhean arán donn an-mhaith agus bhí mo mháthair agus ár gcomharsa, Peige Bhreathnach, iontach ag bácáil, beannacht Dé leo beirt.

**9.Céard é an deoch is fearr leat?** Guinness in Éirinn, G&T in Albain, fíon dearg sa bhFrainc.

10.Cén bialann is mó a thaitníonn leat? Is breá linn Tigh Chadhain i gCill Chiaráin. Freisin, an samhradh seo, d’ith muid i dTeach Scríbe agus thaitnigh sé go mór linn.

**11.An bhfuil caitheamh aimsire faoi leith a thaitníonn go mór leat?** Breathnaíonn muid ar go leor spórt agus imríonn duine de na cailíní fós leis na Piarsaigh. D’imir mé sacar nuair a bhí mé óg agus bhí mé i mo bhainisteoir ar fhoireann sacair TG4 ar feadh scaithimh! An spórt is mó a thaitnigh liom riamh ná sciáil nuair a bhí mé in Albain agus san Eilvéis. Níor leag mé cos ar scí ó tháinig mé go hÉirinn ach lá éigin, b’fhéidir…

**12.An saoire is mó cuimhní agat ar & cén fáth?** Nuair a bhí na gasúir an-óg ní raibh ach dhá rogha ar fáil dóibh – Albain nó Tuaisceart na hÉireann. Ach ansin thosaigh muid ag dul chuig an bhFrainc agus fanacht sna hionaid champála ansin. Rinne muid é sin ar feadh beagnach deich mbliana ar fud na Fraince agus ba laethanta saoire iontacha iad.

**13.Cén saghas ceol ina bhfuil suim agat ann?** Níl mé ar Spotify nó aon rud mar sin ach éistim le an-éagsúlacht ceoil, go hiondúil ar an raidió. I nGaeilge, is breá liom glór John Beag, Sarah Ghriallais, Caoimhe agus Séamus Ó Flatharta agus go leor de na hamhránaithe óga a chasann i nGaeilge. Nuair atá mé liom féin éistim le hamhráin i bhFraincis mar tá traidisiún álainn amhránaíochta acu sa bhFrainc.

**14.Cén saghas scannán ina bhfuil suim agat ann?** Is breá liom scannáin le scéalta daonna. Agus scannáin ceoldhrámaíochta mar ‘LaLa Land’ agus ‘Mamma Mia 2’! Ní maith liom scannáin uafáis ná ‘sci-fi’.

**15.Dá mbeadh tú ag ceannach leabhar – cén cineál?** Ceannaím leabhra (an iomarca deirtear liom) agus tá Kindle agam. Faoi láthair tá mé ag léamh ‘Shuggie Bain’ le Douglas Stuart. I mbliana thaitnigh na leabhra seo liom go háirithe: ‘Des Diables et des Saints’ le Jean-Baptiste Andrea, ‘Madame Lazare’ le Tadhg Mac Dhonnagáin agus ‘Nóra’ le Nuala O’ Connor.

**16.An nóiméad don lá is fearr leat?** Nuair a thagann an ghrian amach!

**17.An rud is mó a ghoileann ort?** Neamhaird an stáit ar phobal labhartha na Gaeilge.

## Comórtas Grianghrafadóireachta



Comhghairdeas mór le Mairéad Uí Dhomhnaill a bhuaigh comórtas mhí Iúil . Tógadh an pictiúr breá seo le linn Rásaí Chuan na Beirtrí a bhí ar siúl ón 9ú-10ú Iúil.

Míle buíochas le gach duine a sheol grianghraif chugainn. Is í Johanna, grianghrafadóir aitheanta atá lonnaithe i gConamara, a bheas i mbun moltóireachta ar an gcomórtas i mbliana.

Seolaigí chugainn bhur bpictiúir do chomórtas mhí Lúnasa chuig ocpt@conamaralair.ie le seans féirín beag deas a fháil ó Phleanáil Teanga Chonamara Láir.

**Logainm na Míosa:**

Más:

Cnocán fada agus íseal

(de réir Logainm,ie)

**Seanfhocal na Míosa:**

Éireoidh tonn ar uisce ciúin

---


**Bí i dteagmháil linn!**

opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie

**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir
conamaralair
@ConamaraLair


'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

Conamara Láir


**Fógra Séanta:** Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.